



Uimhir 45 de 2009

**ACHT NA gCUIDEACHTAÍ (FORÁLACHA
ILGHNÉITHEACHA) 2009**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Caighdeán chuntasaíochta idirthréimhseacha.
 2. Rialacháin.
 3. Leasú ar Acht na gCuideachtaí 1990.
 4. Leasú ar Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003.
 5. Leasú ar Rialacháin UCITS.
 6. Gearrtheideal, tosach feidhme agus forléiriú.
-

[Uimh. 45.] *Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009.* [2009.]

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Acht na gCuideachtaí 1990	1990, Uimh. 33
Achtanna na gCuideachtaí	
Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasáocht) 2003	2003, Uimh. 44
An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005	2005, Uimh. 12



Uimhir 45 de 2009

**ACHT NA gCUIDEACHTAÍ (FORÁLACHA
ILGHNÉITHEACHA) 2009**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ, IN IMTHOSCA TEORANTA, MAIDIR LE MÁTHAIRGHNÓTHAIS ÁIRITHE D'ÚSÁID, GO hIDIRTHRÉIMHSEACH, CAIGHDEÁIN CHUNTASAÍOCHTA A AITHNÍTEAR GO hIDIRNÁISIÚNTA SEACHAS NA PRIONSABAIL AGUS NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SIN A bhFUIL GLACADH COITIANTA LEO AGUS A ÚSÁIDTEAR SA STÁT, DO LEASÚ ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 1990, ACHT NA gCUIDEACHTAÍ (INIÚCHADH AGUS CUNTASAÍOCHT) 2003, AGUS RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (GNÓTHAIS LE hAGHAIDH COMHINFHEISTÍOCHTA IN URRÚIS INAISTRITHE) 2003, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[23 Nollaig, 2009]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “cuntais” cuntais ar leithligh faoi Acht na gCuideachtaí agus grúpchuntais faoi Acht na gCuideachtaí;

Caighdeán
chuntasaíochta
idirthréimhseacha.

ciallaíonn “máthairghnóthas iomchuí” máthairghnóthas—

- (a) nach bhfuil urrúis acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte,
- (b) a bhfuil a urrúis (nó a fháltais i leith na n-urrús sin) cláraithe leis an *Securities and Exchange Commission of the United States of America*, nó atá ar shlí eile faoi réir tuairisciú don Choimisiún sin, faoi dhlíthe Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus
- (c) nach raibh tuairisceán bliantúil ar ceanglaíodh cuntais a bheith curtha i gceangal leis tugtha aige do chláráitheoir na gcuideachtaí agus nár ceanglaíodh air tuairisceán bliantúil den sórt sin a thabhairt do chláráitheoir na gcuideachtaí, roimh thosach feidhme an ailt seo;

ciallaíonn “prionsabail chuntasaíochta na Stát Aontaithe a bhfuil glacadh coitianta leo” na caighdeáin agus na léirithe, i ndáil le

[Uimh. 45.] Acht na gCuideachtaí (Forálacha [2009.]
Ilghnéitheacha) 2009.

cuntasaíocht agus le ráitis airgeadais, arna n-eisiúint ag aon chomhlacht de na comhlachtaí seo a leanas ar comhlachtaí iad atá comhdhéanta faoi dhlíthe Stáit Aontaithe Mheiriceá nó faoi dhlíthe aonaid críche de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá:

- (a) *The Financial Accounting Standards Board;*
- (b) *The American Institute of Certified Public Accountants;*
- (c) *The Securities and Exchange Commission.*

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le cuntais máthairghnóthais iomchuí a ullmhófar i gcomhair cibé méid dá chéad 4 bliana airgeadais tar éis é a chorprú sa Stát a chríochnóidh tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2015.

(3) A mhéid nach sárú ar aon fhoráil d'Achtanna na gCuideachtaí nó d'aon rialacháin arna ndéanamh fúthu é prionsabail chuntasaíochta de chuid na Stát Aontaithe a bhfuil glacadh coitianta leo a úsáid—

- (a) féadfar léargas fíorcheart ar staid chúrsaí agus ar bhrabús nó cailteanas máthairghnóthais iomchuí a thabhairt tríd an ngnóthas sin d'úsáid na bprionsabal sin le linn a chuntais ar leithligh faoi Acht na gCuideachtaí a ullmhú, agus
- (b) féadfar léargas fíorcheart ar staid chúrsaí agus ar bhrabús nó cailteanas máthairghnóthais iomchuí agus a fhoghnóthas ina n-iomláine a thabhairt tríd an máthairghnóthas iomchuí sin d'úsáid na bprionsabal sin le linn a ghrúpchuntais faoi Acht na gCuideachtaí a ullmhú.

(4) I gcás go n-ullmhófar cuntais de réir an ailt seo, beidh ráiteas á rá sin sna nótaí a ghabhann leis na cuntais sin.

Rialacháin.

2.—(1) San alt seo ciallaíonn “cuntais” cuntais ar leithligh faoi Acht na gCuideachtaí agus grúpchuntais faoi Acht na gCuideachtaí.

(2) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena ndéantar foráil maidir le hearnálacha sonraithe máthairghnóthas nach bhfuil urrúis acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena ndéantar foráil—

- (a) go bhféadfar léargas fíorcheart ar staid chúrsaí agus ar bhrabús nó cailteanas máthairghnóthais in earnáil den sórt sin a thabhairt tríd an máthairghnóthas sin d'ullmhú a chuntas ar leithligh faoi Acht na gCuideachtaí do líon sonraithe de na chéad bhlianta airgeadais aige de réir caighdeán cuntasaíochta sonraithe, is líon nach mó ná 4 bliana, agus
- (b) go bhféadfar léargas fíorcheart ar staid chúrsaí agus ar bhrabús nó cailteanas máthairghnóthais in earnáil den sórt sin agus a fhoghnóthas ina n-iomláine a thabhairt tríd an máthairghnóthas sin d'ullmhú a ghrúpchuntas faoi Acht na gCuideachtaí do líon sonraithe de na chéad bhlianta airgeadais aige de réir caighdeán cuntasaíochta sonraithe, is líon nach mó ná 4 bliana.

(3) Maidir le rialacháin a dhéanfar faoi *fho-alt (2)*—

(a) sonrófar iontu na caighdeáin chuntasaíochta—

(i) a aithneofar go hidirnáisiúnta, agus

(ii) a bheidh ina bprionsabail chuntasaíochta nó ina gcleachtas cuntasaíochta, a bhfuil glacadh coitianta leo nó leis, de chuid dlínse —

(I) a bhfuil baint shubstaintiúil ag tromlach d'fhochuideachtaí an mháthairghnóthais léi, nó

(II) a bhfuil an margadh ar air go príomha a bhfuil scaireanna an mháthairghnóthais ligthe isteach chun a dtrádála suite inti,

(b) sonrófar iontu an líon blianta airgeadais ar ina leith atá feidhm ag na rialacháin, agus an dáta, nach déanaí ná 31 Nollaig 2015, a chríochnóidh an bhliain is déanaí de na blianta airgeadais sin, agus

(c) déanfar foráil iontu nach sárófar aon fhoráil d'Achtanna na gCuideachtaí nó d'aon rialacháin arna ndéanamh fúthu trí na cuntais sin a ullmhú.

(4) Déanfar gach rialachán faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhni dá réir sin, ach sin gan dochar d'aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

(5) I gcás go n-ullmhófar cuntais de réir rialachán arna ndéanamh faoin alt seo, beidh ráiteas á rá sin sna nótaí a ghabhann leis na cuntais sin.

3.—Leasaítear Acht na gCuideachtaí 1990—

Leasú ar Acht na gCuideachtaí 1990.

(a) in alt 3(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Chun críocha aon fhorála d'Achtanna na gCuideachtaí is malartán nó margadh, cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de, a bheidh forordaithe ag an Aire chun críocha na forála sin stocmhalartán aitheanta.”,

(b) in alt 7(3) trí “de mhéid nach lú ná £5,000 agus nach mó ná £250,000,” a scriosadh,

(c) in alt 13(1), trí “leis an Aire iomchuí.” a chur in ionad “leis an Aire iomchuí, ar choinníoll nach mó san iomlán ná £250,000 aon dliteanas den sórt sin ar thaobh an iarratasóra nó na n-iarratasóirí.”,

(d) in alt 212—

(i) i bhfo-alt (1)(b), trí “laistigh den Stát” a chur isteach i ndiaidh “aitheanta”,

- (ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Chun críocha ailt 215, 226, 226A agus 229, is ‘ceannach ar mhargadh thar lear’ é cuideachta a eisíonn scaireanna, nó fochuideachta den chuideachta sin, do cheannach scaireanna de chuid na cuideachta céadluaite, más rud é go gceannaítear na scaireanna ar stocmhalartán aitheanta lasmuigh den Stát agus go bhfuil siad faoi réir comhshocraíochta margaíochta.”,

agus

- (iii) i bhfo-alt (2), trí “Chun críocha fho-alt (1)” a scriosadh agus “Chun críocha fho-ailt (1) agus (1A)” a chur ina ionad,
- (e) in alt 215(1), trí “nó ar mhargadh thar lear” a chur isteach i ndiaidh “ar an margadh” gach áit a bhfuil sé,
- (f) in alt 226(1), trí “nó, i gcás ceannaigh ar mhargadh thar lear, laistigh de 3 lá oibre,” a chur isteach i ndiaidh “28 lá”,
- (g) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 226:

“Tá dualgas ar chuideachta sonraí maidir le ceannach ar mhargadh thar lear a fhoilsiú.

226A.—(1) Aon uair is scaireanna a mbeidh saoráidí déileála curtha ar fáil dóibh ar stocmhalartán aitheanta is ábhar do cheannach ar mhargadh thar lear ag an gcuideachta a d’eisigh na scaireanna nó ag cuideachta ar fochuideachta don chuideachta sin í, foilseoidh an chuideachta a d’eisigh na scaireanna ar a láithreán gréasáin go ceann tréimhse leanúnaí nach giorra ná 28 lá dar tosach lá arb é an chéad lá eile é díreach tar éis lá an cheannaigh ar mhargadh thar lear lena mbaineann agus ar lá é a bheidh an stocmhalartán aitheanta lena mbaineann ar oscailt le haghaidh gnó, nó ar aon mhodh forordaithe eile, an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an gceannach iomlán gach lá den sórt sin ar an stocmhalartán aitheanta lena mbaineann:

- (a) an dáta, san áit lasmuigh den Stát ina bhfuil an stocmhalartán aitheanta lena mbaineann suite, a rinneadh an ceannach ar mhargadh thar lear;
- (b) an praghas ceannaigh ar ar ceannaíodh na scaireanna, nó an praghas is airde den sórt sin agus an praghas is ísle den sórt sin a d’íoc an chuideachta nó an fochuideachta sin;
- (c) an líon scaireanna a ceannaíodh;
- (d) an stocmhalartán aitheanta ar ar ceannaíodh na scaireanna.

(2) Má mhainnítear an t-alt seo a chomhlíonadh, beidh an chuideachta agus gach oifigeach den chuideachta a rinne mainneachtain ciontach i gcion.”

- (h) in alt 229(1), trí “, seachas ceannach ar cheannach ar mhargadh thar lear é,” a chur isteach i ndiaidh “na cuideachta sin í”,
- (i) in alt 256(8), trí “seachas cuideachta lena mbaineann alt 256F,” a chur isteach i ndiaidh “dá gcorprófaí sa Stát í,”
- (j) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 256E:

“Cuideachtaí infheistíochta coigríche do leanúint de bheith ann.

256F.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘cuideachta imirceach’ comhlacht corpraithe atá bunaithe agus cláraithe faoi dhlíthe dlínse iomchuí agus ar gnóthas comhinfeistíochta é;

ciallaíonn ‘doiciméid chlárúcháin’, i ndáil le cuideachta imirceach, na doiciméid seo a leanas agus, nuair nach i nGaeilge nó i mBéarla atá na doiciméid chlárúcháin bhunaidh scríofa, ciallaíonn sé tiontú go Gaeilge nó go Béarla a bhfuil sé deimhnithe ina leith ag duine atá inniúil ar dheimhniú a dhéanamh amhlaidh gur tiontú cruinn orthu é:

- (a) cóip, arna deimhniú agus arna fíordheimhniú ar an modh forordaithe, den deimhniú clárúcháin nó deimhniú nó doiciméad comhionann arna eisiúint maidir leis an gcuideachta imirceach faoi dhlíthe na dlínse iomchuí;
- (b) cóip, arna deimhniú agus arna fíordheimhniú ar an modh forordaithe, de mheabhrán comhlachais agus d’airteagail chomhlachais na cuideachta imircí nó de dhoiciméad bunaithe comhionann de chuid na cuideachta imircí;
- (c) liosta ina leagtar amach sonraí i ndáil le stiúrthóirí agus rúnaí na cuideachta imircí de réir fhorálacha alt 195 den Phríomh-Acht;
- (d) dearbhú reachtúil ó stiúrthóir de chuid na cuideachta imircí arna dhéanamh tráth nach luaithe ná 28 lá roimh an dáta a dhéantar an t-iarratas chuig an gcláraitheoir á rá—

- (i) go bhfuil an chuideachta imirceach, amhail ar dháta an dearbhaithe, bunaithe agus cláraithe sa dlínse iomchuí, nár tugadh fógra di faoi aon achainí nó imeacht eile dá samhail chun an chuideachta imirceach a fhoirceannadh nó a leachtú agus is achainí nó imeacht atá fós ar feitheamh in aon áit, agus nár tugadh fógra don chuideachta imirceach faoi aon ordú, nó nár glacadh aon rún, chun an chuideachta imirceach a fhoirceannadh nó a leachtú in aon áit,
- (ii) nár tugadh fógra don chuideachta imirceach faoi ghlacadóir, leachtaitheoir, scrúdaitheoir nó duine eile den tsamhail sin a cheapadh agus, ar dháta an dearbhaithe, nach bhfuil aon duine den sórt sin ag gníomhú sa cháil sin in aon áit maidir leis an gcuideachta imirceach nó lena maoin nó le haon chuid den chéanna,
- (iii) nach bhfuil gnó á oibriú nó á sheoladh ag an gcuideachta imirceach, ar dháta an dearbhaithe, faoi aon scéim, ordú, comhréiteach nó comhshocraíocht eile den tsamhail sin arna déanamh nó arna dhéanamh ag an gcuideachta imirceach le creidiúnaithe in aon áit,
- (iv) go mbeidh fógra faoin gclárú beartaithe seirbheáilte ag an gcuideachta imirceach ar chreidiúnaithe na cuideachta imircí ar dháta an dearbhaithe,
- (v) go bhfuarthas nó gur tarscaoileadh, de réir mar a bheidh, aon toiliú nó ceadú i leith an chláraithe bheartaithe sa Stát a cheanglaítear le haon chonradh arna dhéanamh, nó le haon ghealltanas arna thabhairt, ag an

gcuideachta imirceach,
agus

- (vi) go gceadaítear an clárú le meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais nó le doiciméad bunaithe comhionann de chuid na cuideachta imircí agus gur tugadh formheas dó dá réir;
- (e) dearbhú sócmhainneachta arna ullmhú de réir alt 256H;
- (f) sceideal de na muirir nó de na leasanna urrús arna gcruthú nó arna ndeonú ag an gcuideachta imirceach, ar muirir nó leasanna urrús iad a bheadh, dá mba chuideachta a corpraíodh faoi Achtanna na gCuideachtaí a chruthaigh nó a dheonaigh iad, incláraithe faoi Chuid IV den Phríomh-Acht agus cibé sonraí faoi na leasanna urrús agus na muirir sin atá sonraithe in alt 103 den Phríomh-Acht;
- (g) fógra i dtaobh ainm beartaithe na cuideachta imircí murab ionann é agus a hainm láithreach; agus
- (h) cóip de mheabhrán comhlachais agus d'airteagail chomhlachais na cuideachta imircí a mbeidh an chuideachta imirceach tar éis beartú le rún iad a ghlacadh, a bheidh sa Ghaeilge nó sa Bhéarla, agus a mbeidh éifeacht leo ar chlárú faoin alt seo agus a ngabhann an chuideachta imirceach uirthi féin ina leith nach ndéanfaidh sí iad a leasú roimh chlárú gan údarú roimh ré ón gcláraitheoir;

ciallaíonn ‘dlínse iomchuí’ an áit fhorordaithe lasmuigh den Stát ina bhfuil an chuideachta imirceach bunaithe agus cláraithe an tráth a dhéantar a hiarratas faoin alt seo.

(2) Féadfaidh cuideachta imirceach iarratas a dhéanamh chuig an gcláraitheoir chun í a chlárú mar chuideachta sa Stát ar mhodh leanúna.

(3) I gcás go ndéanfar iarratas faoi fho-alt (2), ní chláróidh an cláraitheoir an chuideachta imirceach mar chuideachta sa Stát mura deimhin leis nó léi go ndearnadh ceanglais uile Achtanna na gCuideachtaí i

leith an chláraithe agus nithe a réamhghabhann agus a ghabhann leis an gcéanna a chomhlíonadh agus, go háirithe, ach gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, mura deimhin leis nó léi—

- (a) go ndearna an chuideachta imirceach iarratas chun na críche, san fhoirm fhorordaithe agus arna shíniú ag stiúrthóir de chuid na cuideachta imircí, mar aon leis na doiciméid chlárúcháin, a sheachadadh ar an gcláraitheoir,
- (b) nár cinneadh go bhfuil ainm, nó más iomchuí, ainm nua beartaithe na cuideachta imircí míchuibhiúil de bhun alt 21 den Phríomh-Acht,
- (c) go ndearna an chuideachta imirceach cibé táille a bheidh sonraithe ó am go ham de bhun alt 369 den Phríomh-Acht a íoc leis an gcláraitheoir,
- (d) go ndearna an chuideachta imirceach fógra maidir le seoladh a hoifige cláraithe beartaithe sa Stát a chomhdú leis an gcláraitheoir,
- (e) go ndearna an chuideachta imirceach iarratas chuig an mBanc Ceannais chun í a údarú chun gnó a sheoladh mar chuideachta faoi alt 256(1) agus gur thug an Banc Ceannais fógra don chuideachta imirceach agus don chláraitheoir go bhfuil beartaithe aige a údarú don chuideachta imirceach gnó a sheoladh amhlaidh.

(4) Beidh ag gabháil le hiarratas faoin alt seo dearbhú reachtúil san fhoirm fhorordaithe arna dhéanamh ag aturnae a bheidh ar fostú chun na críche sin ag an gcuideachta imirceach, nó ag stiúrthóir de chuid na cuideachta imircí, agus ina ndéarf ar gur comhlíonadh na ceanglais a luaitear i bhfo-alt (3). Féadfaidh an cláraitheoir glacadh le dearbhú den sórt sin mar leorfhianaise gur comhlíonadh na ceanglais.

(5) Déanfaidh an cláraitheoir, a luaithe is indéanta tar éis an t-iarratas ar chlárú a fháil, fógra maidir leis a fhoilsiú in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí.

(6) I gcás go bhfaighidh an cláraitheoir fógra faoi fho-alt (3)(e),—

- (a) féadfaidh sé nó sí deimhniú clárúcháin na cuideachta imircí ar mhodh an chuideachta imirceach do leanúint mar chomhlacht corpraithe faoi dhlíthe an Stáit a eisiúint, agus
- (b) má eisíonn sé nó sí deimhniú den sórt sin, déanfaidh sé nó sí na sonraí a fhorordaítear le halt 103 den Phríomh-Acht agus a bheidh arna soláthar ag an gcuideachta imirceach a thaifeadadh sa chlár a chothabháiltear chun críche alt 103 den Phríomh-Acht, i ndáil le muirir agus leasanna urrúis na cuideachta imircí a shonraítear i mír (f) den mhíniú ar ‘doiciméid chlárúcháin’ i bhfo-alt (1).

(7) A luaithe is féidir tar éis an chuideachta imirceach a chlárú faoi fho-alt (6), déanfaidh sí iarratas chun í a dhíchlárú sa dlínse iomchuí.

(8) Déanfaidh an cláraitheoir dáta cláraithe na cuideachta imircí a thaifeadadh i gclár na gcuideachtaí agus fógra a fhoilsiú láithreach in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí faoi na nithe seo a leanas:

- (a) dáta cláraithe na cuideachta imircí faoin alt seo;
- (b) an dlínse iomchuí; agus
- (c) ainm na cuideachta imircí roimhe sin murab ionann é agus an t-ainm faoina bhfuil sí á clárú.

(9) Measfar, ón dáta cláraithe, gur cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoin Acht seo an chuideachta imirceach, agus leanfaidh sí de bheith ann chun gach críche faoin Acht seo, agus beidh feidhm ag forálacha na Coda seo maidir leis an gcuideachta imirceach, ar choinníoll i gcónaí nach n-oibreoidh an t-alt seo—

- (a) chun eintiteas dlíthiúil nua a chruthú,
- (b) chun dochar nó difear a dhéanamh do chéannacht nó do leanúnachas na cuideachta imircí mar a bhí sí bunaithe agus cláraithe roimhe sin faoi dhlíthe

na dlínse iomchuí don tréimhse a raibh an chuideachta imirceach bunaithe agus cláraithe sa dlínse iomchuí,

- (c) chun difear a dhéanamh d'aon chonradh a rinneadh, d'aon rún a ritheadh nó d'aon ghníomh nó ní eile a rinneadh i ndáil leis an gcuideachta imirceach le linn na tréimhse a raibh an chuideachta imirceach bunaithe agus cláraithe amhlaidh,
- (d) chun difear a dhéanamh do chearta, cumhachtaí, údaráis, feidhmeanna agus dliteanais nó oibleagáidí na cuideachta imircí nó aon duine eile, nó
- (e) chun a fhágáil go mbeidh aon imeachtaí dlí ag an gcuideachta imirceach nó ina coinne lochtach.

(10) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (9)—

- (a) ní dhéanfar dochar d'aon chearta a d'fhéadfadh a bheith ag aon duine faoi mhúirear nó faoi leas urrúis a cruthaíodh roimh an dáta cláraithe, is duine ar ina fhabhar nó ina fabhar a rinneadh an múirear nó a cruthaíodh an leas urrúis, má mhainníonn cuideachta imirceach na sonraí maidir leis an múirear nó leis an leas urrúis a chur chuig an gcláraitheoir, agus
- (b) maidir le haon imeachtaí dlí a d'fhéadfadh an chuideachta imirceach a choimeád ar marthain nó a thionscnamh nó a d'fhéadfaí a choimeád ar marthain nó a thionscnamh ina coinne sula gcláraítear í faoin alt seo, féadfaidh an chuideachta imirceach iad a choimeád ar marthain nó a thionscnamh nó féadfar iad a choimeád ar marthain nó a thionscnamh ina coinne tar éis an chláráithe, d'ainneoin an chláráithe.

(11) Déanfaidh an chuideachta imirceach fógra san fhoirm fhorordaithe a thabhairt don chláráitheoir, agus fógra a thabhairt don Bhanc Ceannais, laistigh de

3 lá tar éis í a dhíchlarú sa dlínse iomchuí, maidir leis an díchlarú sin.

(12) Ar an gcuideachta imirceach a chlárú faoi fho-alt (6), údaróidh an Banc Ceannais láithreach don chuideachta imirceach gnó a sheoladh faoin gCuid seo.

(13) Má thagann aon athrú ábhartha ar aon chuid den fhaisnéis atá sa dearbhú reachtúil a luaitear i mír (d) den mhíniú ar ‘doiciméid chlárúcháin’ i bhfo-alt (1) tar éis dháta an dearbhaithe agus roimh dháta an chláraithe faoin alt seo, déanfaidh an stiúrthóir a rinne an dearbhú reachtúil sin, agus aon stiúrthóir eile a thiocfaidh ar an eolas faoin athrú ábhartha sin, ráiteas reachtúil nua a sheachadadh láithreach ar an gcláraitheoir maidir leis an athrú.

(14) Má mhainníonn an chuideachta imirceach aon fhoráil den alt seo a chomhlíonadh, féadfaidh an cláraitheoir litir chláraithe a chur leis an bpost chuig an gcuideachta á rá go bhféadfar fógra a fhoilsiú in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí d’fhonn ainm na cuideachta imircí a bhaint den chlár mura rud é go guirfidh an chuideachta imirceach an mhainneachtain ina ceart laistigh de 1 mhí ó dháta na litreach agus go ndaingneoidh sí gur chuir sí an mhainneachtain ina ceart.

(15) Mura ndéanfar an mhainneachtain a luaitear i bhfo-alt (14) a chur ina ceart laistigh de 1 mhí tar éis an litir dá dtagraítear san fho-alt sin a chur, féadfaidh an cláraitheoir fógra a fhoilsiú in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí á rá go ndéanfar, ar 1 mhí a bheith caite ó dháta an fhógra sin, ainm na cuideachta imircí a luaitear san fhógra sin a bhaint den chlár, mura réitítear an ní, agus go mbeidh an chuideachta imirceach arna díscailleadh.

(16) Ar an tréimhse a luaitear san fhógra a bheith caite, féadfaidh an cláraitheoir, mura súfidh an chuideachta imirceach cúis lena mhalairt roimhe sin, ainm na cuideachta imircí a bhaint den chlár, agus foilseoidh sé nó sí fógra ina thaobh sin in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, agus ar an bhfoilsiú sin beidh an chuideachta imirceach arna díscailleadh.

(17) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar áiteanna mar dhlínsí iomchuí chun críocha an ailt seo, i gcás gur deimhin leis nó léi go ndéantar, le dlí na háite lena mbaineann, foráil maidir le cuideachtaí imirceacha do leanúint de bheith ann faoi dhlíthe an Stáit nó maidir le

cuideachtaí do leanúint de bheith ann faoi dhlíthe na háite sin ar mhodh atá cosúil go substaintiúil le cuideachtaí do leanúint de bheith ann faoin alt seo.

(18) Gach rialachán a dhéanfaidh an tAire faoi fho-alt (17), leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Cuideachtaí a dhíchlárú ar iad do leanúint de bheith ann faoi dhlí áite lasmuigh den Stát.

256G.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘iarratasóir’ cuideachta a dhéanann iarratas chun í a dhíchlárú faoin alt seo;

ciallaíonn ‘dlínse iomchuí’ an áit fhorordaithe lasmuigh den Stát ina mbeartaíonn an cuideachta a bheith cláraithe;

ciallaíonn ‘doiciméid aistriúcháin’, i ndáil le hiarratasóir, na doiciméid seo a leanas:

(a) dearbhú reachtúil ó stiúrthóir de chuid an iarratasóra arna dhéanamh tráth nach luaithe ná 28 lá roimh an dáta a dhéantar an t-iarratas chuig an gcláraitheoir á rá—

(i) go leanfaidh an t-iarratasóir, ar chláir, mar chomhlacht corpraithe faoi dhlíthe na dlínse iomchuí,

(ii) nár tugadh fógra don iarratasóir faoi aon achainí nó imeacht eile dá samhail chun an t-iarratasóir a fhoirceannadh nó a leachtú agus is achainí nó imeacht atá fós ar feitheamh in aon áit, agus nár tugadh fógra don iarratasóir faoi aon ordú, nó nár glacadh rún, chun an t-iarratasóir a fhoirceannadh nó a leachtú in aon áit,

(iii) nár tugadh fógra don iarratasóir faoi ghlacadóir, leachtaitheoir, scrúdaitheoir nó duine eile den tsamhail

sin a cheapadh agus, ar dháta an dearbhaithe, nach bhfuil aon duine den sórt sin ag gníomhú sa cháil sin in aon áit maidir leis an iarratasóir nó lena mhaoin nó le haon chuid den chéanna,

(iv) nach bhfuil gnó á oibriú nó á sheoladh ag an iarratasóir, ar dháta an dearbhaithe, faoi aon scéim, ordú, comhréiteach nó comhshocraíocht eile den tsamhail sin arna déanamh nó arna dhéanamh ag an iarratasóir le creidiúnaithe in aon áit,

(v) nach bhfuil beartaithe calaois a dhéanamh ar dhaoine ar creidiúnaithe de chuid an iarratasóra iad, ar dháta an dearbhaithe, tríd an iarratas ar dhíchlárú a dhéanamh,

(vi) go bhfuarthas nó gur tarscaoileadh, de réir mar a bheidh, aon toiliú nó ceadú i leith an díchláráithe bheartaithe a cheanglaítear le haon chonradh arna dhéanamh, nó le haon ghealltanas arna thabhairt, ag an iarratasóir, agus

(vii) go gceadaítear an díchlárú le meabhrán comhlachais agus le hairteagail chomhlachais an iarratasóra;

(b) dearbhú sócmhainneachta arna ullmhú de réir fhorálacha alt 256H; agus

(c) cóip de rún speisialta ón iarratasóir lena gceadaítear an díchlárú beartaithe agus aistriú an iarratasóra chuig an dlínse iomchuí.

(2) Aon iarratasóir a bheartaíonn a bheith cláraithe i ndlínse iomchuí trí leanúint mar chomhlacht corpraithe, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chuig an gcláraitheoir chun é a dhíchlárú sa Stát.

(3) I gcás go ndéanfar iarratas faoi fho-alt (2), ní dhíchláróidh an cláraitheoir an t-iarratasóir mar chuideachta sa Stát mura

deimhin leis nó léi go ndearnadh ceanglais uile Achtanna na gCuideachtaí i leith an díchláraithe agus nithe a réamhghabhann agus a ghabhann leis an gcéanna a chomhlíonadh agus, go háirithe, ach gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, mura deimhin leis nó léi—

- (a) go ndearna an t-iarratasóir iarratas chun na críche, san fhoirm fhorordaithe agus arna shíniú ag stiúrthóir de chuid an iarratasóra, mar aon leis na doiciméid aistriúcháin, a sheachadadh ar an gcláraitheoir,
- (b) go ndearna an t-iarratasóir cibé táille a bheidh sonraithe ó am go ham de bhun alt 369 den Phríomh-Acht a íoc leis an gcláraitheoir,
- (c) gur chuir an t-iarratasóir in iúl don Bhanc Ceannais go bhfuil sé ar intinn aige go ndíchlárófaí é agus gur thug an Banc Ceannais fógra don chláraitheoir á rá nach bhfuil aon agóid aige i gcoinne an díchláraithe, fad a dhéanfaidh an t-iarratasóir aon choinníollacha a fhorchuirfidh an Banc Ceannais ar an iarratasóir a chomhlíonadh, agus
- (d) go ndearna an t-iarratasóir fógra maidir le haon athrú beartaithe ar a ainm agus maidir lena oifig chláráithe bheartaithe nó a ghníomhaire beartaithe chun próis a sheirbheáil sa dlínse iomchuí a chomhdú leis an gcláraitheoir.

(4) Beidh ag gabháil le hiarratas faoin alt seo dearbhú reachtúil san fhoirm fhorordaithe arna dhéanamh ag aturnae a bheidh ar fostú chun na críche sin ag an iarratasóir, nó ag stiúrthóir de chuid an iarratasóra, agus ina ndéarf ar gur comhlíonadh na ceanglais a luaitear i bhfo-alt (3). Féadfaidh an cláraitheoir glacadh le dearbhú den sórt sin mar leorfhianaise gur comhlíonadh na ceanglais.

(5) Déanfaidh an cláraitheoir, a luaithe is indéanta tar éis an t-iarratas ar dhíchlárú a fháil, fógra maidir leis a fhoilsíú in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí.

- (6) (a) I gcás go ndéanfar iarratas faoi fho-alt (2), féadfaidh duine a

luaitear i mír (b) iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte, iar bhfógra don iarratasóir, don Bhanc Ceannais, don chláraitheoir agus do chreidiúnaithe uile an iarratasóra, tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis an fógra faoi bhfo-alt (5) a fhoilsiú, ar ordú lena gcoiscfear éifeacht a bheith le moladh rúin nó le rith rúin a shonraítear i mír (c) den mhíniú ar ‘doiciméid aistriúcháin’ i bhfo-alt (1) i ndáil leis an iarratas.

(b) Féadfaidh na daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh ar ordú faoin bhfo-alt seo:

(i) sealbhóirí cion nach lú ná 5 faoin gcéad de scairchaipiteal eisithe an iarratasóra agus ar sealbhóirí iad nár vótáil i bhfabhar an rúin, nó

(ii) aon chreidiúnaí de chuid an iarratasóra.

(c) Féadfar fógra maidir le hiarratas ar ordú faoin bhfo-alt seo a thabhairt do na creidiúnaithe lena mbaineann trína fhoilsiú i nuachtán náisiúnta amháin ar a laghad sa Stát.

(d) Beidh an Banc Ceannais agus an t-iarratasóir lena mbaineann i dteideal uiríll a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt sula ndéanfar ordú faoin bhfo-alt seo.

(7) Ní fhéadfaidh an Ard-Chúirt ordú a luaitear i bhfo-alt (6) a dhéanamh ach amháin más deimhin léi—

(a) go sáródh díchlárú beartaithe an iarratasóra téarmaí comhaontaithe nó comhshocraíochta idir an t-iarratasóir agus aon scairshealbhóir nó creidiúnaí de chuid an iarratasóra; nó

(b) go ndéanfadh an díchlárú beartaithe dochar ábhartha d’aon scairshealbhóir nó creidiúnaí de chuid an iarratasóra agus go ndéanfaí dochar ábhartha do leasanna scairshealbhóirí agus creidiúnaithe nó dá leasanna

araon arna nglacadh ina n-
iomláine.

(8) Déanfar in ordú arna dhéanamh faoi fho-alt (7) an tréimhse ar ina leith a fhanfaidh sé i bhfeidhm a shonrú.

(9) Is ordú críochnaitheach dochloíte ordú ón Ard-Chúirt faoi fho-alt (7).

(10) Mura n-ordóidh an Ard-Chúirt a mhalairt, nuair a dhéantar iarratas amháin nó níos mó faoi fho-alt (6), ní bheidh éifeacht le rún a shonraítear i mír (c) den mhíniú ar ‘doiciméid aistriúcháin’ i bhfo-alt (1) i ndáil le cuideachta —

(a) i gcás go dtarraingeofar siar an t-iarratas nó na hiarratais go léir chun na hArd-Chúirte—

(i) go dtí an lá a rithfear an rún,

(ii) go dtí an lá díreach tar éis an lae a tharraingeofar siar an t-iarratas deireanach nach mbeidh tarraingthe siar, nó

(iii) go dtí an 31ú lá tar éis an fógra a fhoilsiú maidir leis na creidiúnaithe faoi fho-alt (4),

cibé acu is déanaí, agus

(b) i gcás nach dtarraingeofar siar na hiarratais go léir chun na hArd-Chúirte—

(i) go dtí an lá a rithfear an rún,

(ii) go dtí an lá a shonrófar san ordú nó, mura sonrófar aon dáta san ordú, an lá díreach tar éis an lae a rachaidh an tréimhse a sonraítear go bhfanfaidh an t-ordú i bhfeidhm lena linn in éag nó a scoirfidh sí thairis sin de bheith i bhfeidhm, nó

(iii) go dtí an lá díreach tar éis an lae a thabharfaidh an Ard-Chúirt an bhreith,

cibé acu is déanaí.

(11) Nuair a bheidh an t-iarratasóir cláraithe mar chuideachta faoi dhlíthe na dlínse iomchuí, tabharfaidh sé fógra don chláraritheoir ina thaobh sin laistigh de 3 lá

oibre ón tráth a thiocfaidh sé chun bheith cláraithe amhlaidh, lena n-áirítear a ainm nua, más ann, agus, a luaithe is indéanta tar éis an fógra sin a fháil, eiseoidh an cláraitheoir deimhniú ar dhíchlárú an iarratasóra.

(12) Déanfaidh an cláraitheoir dáta díchláraithe an iarratasóra a thaifeadadh i gclár na gcuideachtaí, agus déanfaidh sé nó sí, laistigh de 7 lá ón dáta a eisítear an deimhniú faoi fho-alt (11), fógra a fhoilsiú in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí faoi na nithe seo a leanas:

- (a) dáta díchláraithe an iarratasóra faoin alt seo;
- (b) an dlínse iomchuí; agus
- (c) ainm nua an iarratasóra murab ionann é agus an t-ainm faoinar cláraíodh é.

(13) Ó dháta cláraithe an iarratasóra sa dlínse iomchuí, scoirfidh sé de bheith ina chuideachta chun críocha uile Achtanna na gCuideachtaí agus chun gach críche leanfaidh sé mar chomhlacht corpraithe faoi dhlíthe na dlínse iomchuí, ar choinníoll i gcónaí nach n-oibreoidh an t-alt seo—

- (a) chun eintiteas dlíthiúil nua a chruthú,
- (b) chun dochar nó difear a dhéanamh do chéannacht nó do leanúnachas an iarratasóra mar a bhí sé comhdhéanta roimhe sin faoi dhlíthe an Stáit don tréimhse a raibh an t-iarratasóir comhdhéanta amhlaidh,
- (c) chun difear a dhéanamh d'aon chonradh a rinneadh, d'aon rún a ritheadh nó d'aon ghníomh nó ní eile a rinneadh i ndáil leis an iarratasóir le linn na tréimhse a raibh t-iarratasóir comhdhéanta faoi dhlíthe an Stáit,
- (d) chun difear a dhéanamh do chearta, cumhachtaí, údaráis, feidhmeanna agus dliteanais nó oibleagáidí an iarratasóra nó aon duine eile, nó
- (e) chun a fhágáil go mbeidh aon imeachtaí dlí ag an iarratasóir nó ina choinne lochtach.

(14) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (13), maidir le haon imeachtaí dlí a d'fhéadfadh an t-iarratasóir a choimeád ar marthain nó a thionscnamh nó a d'fhéadfaí a choimeád ar marthain nó a thionscnamh ina choinne sula ndíchláraítear é faoin alt seo, féadfaidh an t-iarratasóir iad a choimeád ar marthain nó a thionscnamh nó féadfar iad a choimeád ar marthain nó a thionscnamh ina choinne tar éis an díchláraithe, d'ainneoin an díchláraithe.

(15) Féadfaidh an tAire rialachán a dhéanamh lena bhforordaítear áiteanna mar dhlínsí iomchuí chun críocha an ailt seo, i gcás gur deimhin leis nó léi go ndéantar, le dlí na háite lena mbaineann, foráil maidir le comhlachtaí corpraithe atá cosúil go substaintiúil le hiarratasóirí faoin alt seo do leanúint de bheith ann faoi dhlíthe an Stáit ar mhodh atá cosúil go substaintiúil le cuideachtaí do leanúint de bheith ann faoi alt 256F nó foráil maidir le cuideachtaí do leanúint de bheith ann faoi dhlíthe na háite sin.

(16) Gach rialachán a dhéanfaidh an tAire faoi fho-alt (15) leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialachán, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Dearbhuithe
reachtúla.

256H.—(1) I gcás go ndéanfar iarratas faoi alt 256F nó 256G, déanfaidh stiúrthóir de chuid na cuideachta imircí nó de chuid an iarratasóra, de réir mar a bheidh, a bheidh ag déanamh an iarratais, dearbhú reachtúil á rá go ndearna sé nó sí fiosrúchán iomlán faoina cúrsaí nó faoina chúrsaí agus gur tháinig sé nó sí ar an tuairim go bhfuil an chuideachta imirceach nó an t-iarratasóir ábalta a fiacha nó a fhiacha a íoc de réir mar a bheidh siad dlite.

(2) Ní bheidh aon éifeacht le dearbhú faoi fho-alt (1) chun críocha an ailt seo mura rud é—

(a) go ndéanfar é tráth nach luaithe ná 28 lá roimh an dáta a dhéantar an t-iarratas chuig an gcláraitheoir,

(b) go mbeidh ráiteas ann ar shócmhainní agus dliteanais na cuideachta imircí nó an

iarratasóra amhail ar an dáta ba dhéanaí a bhí sé indéanta roimh an dearbhú a dhéanamh, agus, in aon chás ar dháta nach luaithe ná trí mhí roimh an dearbhú a dhéanamh, agus

- (c) go mbeidh tuarascáil arna tabhairt ag duine neamhspleách faoi fho-alt (3) ag gabháil leis an dearbhú, mar aon le ráiteas ón duine neamhspleách á rá gur thug sé nó sí toiliú le déanamh an dearbhaithe maille leis an tuarascáil a bheidh ag gabháil leis agus nár tharraing sé nó sí siar an toiliú sin.

(3) Déarfad sa tuarascáil a luaitear i bhfo-alt (2)(c), maidir le tuairim an stiúrthóra a luaitear i bhfo-alt (1) agus leis an ráiteas ar shócmhainní agus ar dhliteanais na cuideachta imircí nó an iarratasóra dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b), an bhfuil siad réasúnach i dtuairim an duine neamhspleách, is tuairim a bheidh bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar na mínithe a tugadh dó nó di.

(4) Chun críocha fho-alt (3), is duine an duine neamhspleách a bheidh cáilithe, an tráth a thabharfar an tuarascáil, chun bheith ina iniúchóir nó ina hiniúchóir ar an gcuideachta nó ar an iarratasóir, nó ar chomhlachtaí corpraithe—

(a) i gcás iarratais faoi alt 256F, faoi dhlíthe na dlínse iomchuí, agus

(b) i gcás iarratais faoi alt 256G, faoi dhlíthe an Stáit.

(5) Aon stiúrthóir a dhéanfaidh dearbhú faoin alt seo gan forais réasúnacha a bheith aige nó aici leis an tuairim go bhfuil an chuideachta imirceach nó an t-iarratasóir ábalta a fiacha nó a fhiacha a íoc de réir mar a bheidh siad dlite, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair fineáil nach mó ná €5,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide na 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €50,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) I gcás go ndéanfar an chuideachta imirceach nó an t-iarratasóir a fhoirceannadh laistigh de 1 bhliain ón dáta a dhéanfar an t-iarratas chuig an gcláráitheoir agus nach mbeidh a fiacha nó a fhiacha íoctha nó soláthar déanta dóibh go hiomlán laistigh den bhliain sin, toimhdeofar, mura suítear a mhalairt, nach raibh forais réasúnacha ag an stiúrthóir lena thuairim nó lena tuairim.”.

Leasú ar Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003.

4.—(1) Leasaítear alt 27 d’Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh an tÚdarás Maoirseachta cuid dá fheidhmeanna agus dá chumhachtaí faoi ailt 23 go 26, nó iad go léir, a tharmligean chuig coiste a bheidh bunaithe chun na críche sin agus a bheidh comhdhéanta de dhaoine ó earnáil amháin nó níos mó de na hearnálacha daoine seo a leanas:

(a) daoine is stiúrthóirí ar an Údarás, an tráth a bhunaítear an coiste,

(b) daoine eile is cuí leis an Údarás.”,

agus

(b) trí “, lena n-áirítear cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar chóir ní a tharchur chuig coiste a bheidh bunaithe chun críche dá dtagraítear i bhfo-alt (1)” a chur isteach i bhfo-alt (4) i ndiaidh “chuige sin”.

(2) Chun amhras a sheachaint, measfar coiste a bunaíodh faoi fho-alt (1) d’alt 27 d’Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 roimh thosach feidhme *alt 4 d’Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009* a bheith comhdhéanta go cuí, agus measfar go bhfuil agus go raibh na cumhachtaí go léir aige is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh d’ainneoin go raibh aon duine dá chomhaltaí ina stiúrthóir an tráth a ceapadh é nó í chuig an gcoiste ach gur scoir sé nó sí de bheith ina stiúrthóir den sórt sin sular críochnaíodh an fiosrúchán, an t-imscrúdú nó an t-athbhreithniú ar ina leith a bunaíodh é.

Leasú ar Rialacháin UCITS.

5.—(1) Leasaítear Rialacháin UCITS tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Rialachán 36F (a cuireadh isteach le halt 77 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 agus leis an Sceideal a ghabhann leis):

“Forálacha faoi aistriú dlínse a chur chun feidhme maidir le cuideachtaí infheistíochta arna mbunú mar UCITS.

36G.—Beidh feidhm ag forálacha ailt 256F go 256H d’Acht na gCuideachtaí 1990 (a cuireadh isteach le *halt 3 d’Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009*) maidir le haon chuideachta infheistíochta atá údaraithe de bhun na Rialachán seo agus chun na críche seo déanfar na tagairtí d’údarú a léamh mar thagairtí d’údarú de bhun na Rialachán seo.”.

(2) San alt seo ciallaíonn “Rialacháin UCITS” Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2003 (I.R. Uimh. 211 de 2003) arna leasú.

6.—(1) Féadfar Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal,
tosach feidhme agus
forléiriú.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo (seachas *ailt 1* agus *2*, *míreanna (a)* go (*h*) *d’alt 3*, agus *alt 4*) i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfar le hordú nó le horduithe a dhéanfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, i gcoitinne nó faoi threoir críche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Déanfar Achtanna na gCuideachtaí agus an tAcht seo a léamh le chéile mar aon ní amháin.